

## Foirm Iarratais ar Chead

### A. Sonraí an Iarratasóra

Ainm: \_\_\_\_\_  
Ainm Cuideachta: \_\_\_\_\_  
Seoladh: \_\_\_\_\_  
Ríomhphost: \_\_\_\_\_  
Teileafón: \_\_\_\_\_

Déanaim iarratas leis seo ar chead leis na híomhánna atá liostaithe thíos a úsáid ar an dóigh seo a leanas:

### B. Sonraí Úsáide (foilseachán/craoladh/láithreán Gréasáin/marsantacht/taispeántas)

Foilsitheoir/léiritheoir: \_\_\_\_\_  
Údar/eagarthóir: \_\_\_\_\_  
Teideal saothair: \_\_\_\_\_  
Dáta foilsithe: \_\_\_\_\_  
Cuspóir an tsaothair agus an  
pobal meáin beartaithe: \_\_\_\_\_  
Úsáid bheartaithe na n-  
íomhánna: \_\_\_\_\_  
Aon fhaisnéis eile lena  
mbaineann (e.g. dá  
n-atáirgfí an íomhá ar an  
gclúdach): \_\_\_\_\_

### C. Cearta ag Teastáil

Rith cló/rith táirge  
/craoltaí/ \_\_\_\_\_  
Fad an taispeántais, srl. atá  
beartaithe: \_\_\_\_\_

### D. Sonraí faoin ábhar le hatáirgeadh

Údar, teideal & dáta: \_\_\_\_\_  
Gairmuimhir LNÉ: \_\_\_\_\_  
Uimhir leathanaigh, uimhir  
fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann: \_\_\_\_\_

Údar, teideal & dáta: \_\_\_\_\_  
Gairmuimhir LNÉ: \_\_\_\_\_  
Uimhir leathanaigh, uimhir \_\_\_\_\_

fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann:

---

---

---

---

Údar, teideal & dáta:  
Gairmuimhir LNÉ:  
Uimhir leathanaigh, uimhir  
fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann:

---

---

---

---

---

---

Údar, teideal & dáta:  
Gairmuimhir LNÉ:  
Uimhir leathanaigh, uimhir  
fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann:

---

---

---

---

---

---

Údar, teideal & dáta:  
Gairmuimhir LNÉ:  
Uimhir leathanaigh, uimhir  
fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann:

---

---

---

---

---

---

Údar, teideal & dáta:  
Gairmuimhir LNÉ:  
Uimhir leathanaigh, uimhir  
fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann:

---

---

---

---

---

---

Údar, teideal & dáta:  
Gairmuimhir LNÉ:  
Uimhir leathanaigh, uimhir  
fóilió agus aon  
fhaisnéis eile lena  
mbaineann:

---

---

---

---

---

---

Cuirim faoi iamh cead ó úinéir an chóipchirt don úsáid a bhainfidh mé as na híomhánna atá liostaithe thuas (nuair is iomchuí).

Comhaontaím le glacadh agus cloí le téarmaí agus coinníollacha Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá sonraithe ar an gcéad leathanach eile.

Ainm (bloclitreacha):  
Síniú:  
Dáta:

---

---

---

## Úsáid Fhoireann LNE amháin

Tagairt LNE: \_\_\_\_\_  
Táille iníoctha agus uimhir an \_\_\_\_\_  
tsonraisc: \_\_\_\_\_  
Dáta a íocadh: \_\_\_\_\_  
Dáta a deonaíodh cead: \_\_\_\_\_  
Údaraithe ag: \_\_\_\_\_

## Téarmaí agus Coinníollacha

### 1. Ceadúnas

Ar son íocaíocht na táille atá leagtha amach thuas (“an Táille Cheadúnais”) agus/nó cóipeanna dea-mhéine agus/nó rochtain ar an Táirge Ceadúnaithe/an tSeirbhís Cheadúnaithe (faoi mar atá sainithe thíos) a thabhairt, deonaíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an “Leabharlann”) ceadúnas neamheisiach don duine nó don chuideachta atá ainmnithe ar an gcéad leathanach eile (“an Ceadúnaí”) don úsáid, don tréimhse ama agus don chríoch atá sonraithe ar shonrasc na Leabharlainne chun:

- (a) na híomhánna a bhfuil cur síos déanta orthu ar an gcéad leathanach eile a thaifeadadh agus a stóráil i bhfoirm dhigiteach faoi smacht an Cheadúnaí (“Íomhánna Ceadúnaithe”); agus
- (b) na híomhánna Ceadúnaithe a atáirgeadh sa táirge nó sna seirbhísí a bhfuil cur síos déanta orthu ar an gcéad leathanach eile (an “Táirge Ceadúnaithe/tSeirbhís Cheadúnaithe” in éineacht nó an “Táirge Ceadúnaithe” agus an “tSeirbhís Cheadúnaithe” ina n-aonar) go dtí dul in éag an téarma nó go dtí go mbeidh an rith táirgthe sonraithe sa sonrasc críochnaithe, cibé acu is luaithe.

Déanfaidh an Ceadúnaí gach beart réasúnta lena chinntiú nach bhféadfar na híomhánna Ceadúnaithe a chóipeáil, nó a chóipeáil nó a bhaint ar shlí eile, i ngnáthchúrsa úsáide agus cuirfidh an Ceadúnaí toirmeasc ar aon fhoirm atáirgthe, tarchuir, léirithe, taispeánta, chíosa, iasachtaithe nó stórála in aon chóras aisghabhála gan chead na sealbhóirí cóipchirt agus na Leabharlainne, seachas i gcás ina bhfuil sé ceadaithe ag an dlí.

Éileoidh aon téarma athnuachana breise cead scríofa ar leith ón Leabharlann a bhféadfadh táillí breise a bheith iníoctha ina leith. Éileofar cead ar leith freisin maidir le haon táirge nó seirbhís seachas an Táirge Ceadúnaithe/an tSeirbhís Cheadúnaithe agus maidir le haon leasú, eagrán nua, athchlónna, sraith bhreise, úsáid Íomhánna Ceadúnaithe gan an cuspóir sonraithe ar deonaíodh cead ina leith nó athrú chun dáta an táirge nó na seirbhíse atá ceadúnaithe faoin gComhaontú seo a áireamh.

Mura bhfuil sé comhaontaithe i scríbhinn ar shlí eile, íocfaidh an Ceadúnaí an Táille Cheadúnais laistigh de thríocha (30) lá ó dháta an tsonraisc.

Tá an Táille Cheadúnais ar leith ó CBL a bheidh an Ceadúnaí faoi dhliteanas a íoc mar mhéid breise ar an ráta agus ar an mbealach a fhorordaíonn an dlí. Ceanglaítear ar gach iarratasóir ón AE atá cláraithe le haghaidh CBL a (h)uimhir chlárúcháin CBL a lua agus ordú á chur isteach aige/aici. Íocfar gach méid dlite faoin gComhaontú seo san iomlán gan aon asbhaint nó choinneáil siar seachas iad siúd atá riachtanach faoin dlí, agus ní bheidh an Ceadúnaí i dteideal creidmheas, fritháireamh nó frithéileamh a dhearbhu in aghaidh na Leabharlainne d'fhonn seasamh le coinneáil siar íocaíocht an mhéid sin ina iomláine nó cuid de. Tá Táillí Ceadúnaí a luann an Leabharlann bailí ar feadh tríocha (30) lá.

## 2. **Íocaíocht**

Ní bheidh an Leabharlann tiomanta agus forchoimeádfaidh sí an ceart gan ceadúnas a dheonú sula sonrascaídh sé an Táille Cheadúnais. Tá conradh ceangailteach tar éis an sonrasc a bheith eisithe. Má tharlaíonn sé go n-éilíonn an Ceadúnaí cealú an Chomhaontaithe seo tar éis sonrasc a chur ach roimh íocaíocht, féadfaidh an Leabharlann an Comhaontú seo a chealú dá rogha féin. Forchoimeádan an Leabharlann an ceart chun diúltú d'aon iarratas ar cheadúnas. Tá cearta an Cheadúnaí faoin gComhaontú seo coinníollach agus ag brath ar íocaíocht na Táille Cheadúnais a chuir an Leabharlann in iúl i scríbhinn don Cheadúnaí i bhfoirm sonraisc. Tar éis íocaíocht na Táille Cheadúnais a fháil, eiseoidh an Leabharlann litir don Cheadúnaí ina ndeimhneofar deonú an cheadúnais.

In imthosca áirithe, is féidir nach mbeidh Táille Cheadúnais iníoctha. Ní bheidh an Leabharlann tiomanta agus forchoimeádfaidh sí an ceart gan ceadúnas a dheonú sula n-eiseoidh an Leabharlann litir ina ndeimhneofar nach mbeidh aon Táille Cheadúnais iníoctha (“Litir Deimhnithe”). Tá conradh ceangailteach tar éis litir den sórt sin a eisiúint. Forchoimeádan an Leabharlann an ceart chun diúltú d'aon iarratas ar cheadúnas.

Ní bheidh cead ag an gCeadúnaí na hÍomhánna Ceadúnaithe a úsáid go dtí go mbeidh íocaíocht na Táillí Cheadúnais déanta nó go dtí go mbeidh an Litir Deimhnithe eisithe. Gearrfar CBL ag an ráta reatha. Beidh gach Táille Cheadúnais iníoctha ar shonrasc a fháil. Tá úsáid na nÍomhánna Ceadúnaithe roimh íocaíocht an tsonraisc nó roimh eisiúint na Litreach Deimhnithe ina sárú ar chearta agus ina sárú ar an gComhaontú seo, rud a fhágann go bhfuil an Leabharlann i dteideal an Comhaontú seo a chealú, dliteanas a chur ar an gCeadúnaí i leith íocaíocht na ndamáistí nó rochtain an Cheadúnaí ar shaoráidí na Leabharlainne a chur ar fionraí nó a dhiúltú ar shlí eile. Más rud é nach ndéantar íocaíocht laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc, féadfaidh an Leabharlann an Comhaontú seo a chealú agus damáistí a ghnóthú agus rochtain an Cheadúnaí ar shaoráidí na Leabharlainne a chur ar fionraí nó a dhiúltú.

## 3. **Srianta**

Ar feadh théarma an Chomhaontaithe seo, geallann an Ceadúnaí:-

- (a) gan na hÍomhánna Ceadúnaithe a úsáid le haghaidh aon úsáide eile seachas na húsáidí atá ceadaithe faoin gComhaontú seo agus atá luaite thall;

- (b) gan na hÍomhánna Ceadúnaithe a athúsáid nó a atáirgeadh arís eile cibé acu le haghaidh rití táirgthe sa todhchaí nó le haghaidh críocha eile tar éis dheireadh nó fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo (ar chúis ar bith) gan comhaontú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Leabharlann agus gan na táillí breise a íoc;
- (c) gan na hÍomhánna Ceadúnaithe digiteacha a úsáid le haghaidh aon chríche seachas iad siúd atá sa Táirge Ceadúnaithe/sa tSeirbhís Cheadúnaithe atá sonraithe sa chás gur sholáthair an Leabharlann na hÍomhánna Ceadúnaithe i bhfoirm dhigiteach nó sa chás gur chruthaigh an Ceadúnaí na hÍomhánna Ceadúnaithe le comhaontú na Leabharlainne;
- (d) an méid seo a leanas a dhéanamh laistigh de mhí amháin ó chríochnú an reatha táirgthe, nó ar dheireadh nó ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo ar chúis ar bith: (i) scor de bheith ag úsáid na hÍomhánna Ceadúnaithe; agus (ii) gach cóip nó gach taifead de na hÍomhánna Ceadúnaithe a rinneadh faoin gceadúnas seo a léirsciosadh, a bhaint amach agus a sciosadh, ach amháin sa chás go n-aontaítear rith táirgthe eile agus go n-íoctar na táillí ábhartha breise;
- (e) gan na hÍomhánna Ceadúnaithe a oiriúnú, a athrú nó a mhí-ionramháil ar bhealach a shaobhann na hÍomhánna nó a dhéanann athrú ábhartha ar na hÍomhánna, gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Leabharlann, ach tá ionramháil a shoiléiríonn íomhá dhigiteach na hÍomhá bunaidh ceadaithe;
- (f) gan na hÍomhánna Ceadúnaithe a úsáid ar aon bhealach a dhéanfadh dochar do chlú údar na hÍomhánna Ceadúnaithe nó do chlú na Leabharlainne nó ar aon bhealach a mheasfaí a bheith comhionann le cóireáil dhímheasúil;
- (g) a chinntiú go bhfuil tríú páirtithe, lena n-áirítear monaróirí, dáileoirí, dearthóirí agus clódoirí faoi cheangal ag téarmaí an Chomhaontaithe seo; agus
- (h) fógra a thabhairt don Leabharlann maidir le húsáid neamhúdaraíthe aon cheann de na hÍomhánna Ceadúnaithe a luaithe a thagann an Ceadúnaí ar an eolas faoin úsáid neamhúdaraíthe sin.

#### 4. Úinéireacht na hÍomhánna Ceadúnaithe

Is maoin fhisiceach na Leabharlainne go fóill í an Íomhá Cheadúnaithe. Tá sé de fhreagracht ar an gCeadúnaí aon toiliú is gá chun na hÍomhánna Ceadúnaithe a úsáid a fháil ó úinéir aon chóipchirt, ó úinéir aon cheart a bhaineann le cóipcheart nó úinéir aon cheart maoin intleachtúla a bhaineann leis na hÍomhánna Ceadúnaithe (lena n-áirítear scaoileadh samhlacha) seachas cearta na Leabharlainne féin a bhaineann leis na hÍomhánna Ceadúnaithe agus slánóidh an Ceadúnaí an Leabharlann in aghaidh aon éilimh a d'fhéadfaí a dhéanamh ina haghaidh má mhainníonn an Ceadúnaí toiliú nó scaoileadh den sórt sin a fháil nó má

mhainníonn an Ceadúnaí cloí le téarmaí an toilithe nó an scaoilte sin. Admhaítear nach dtugann an Leabharlann aon bharánta ná aon ghealltanas go bhfaighfear aon toiliú nó aon scaoileadh den sórt sin.

## 5. Admháil

Cuirfidh an Ceadúnaí fógra cóipchirt agus creidiúint chóipchirt san áireamh i gcás gach Íomhá Cheadúnaithe a ionchorpraítear sa Táirge Cheadúnaithe/sa tSeirbhís Cheadúnaithe. Beidh formáid na creidiúna mar seo a leanas: *“Atáirgtear an íomhá seo le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann [gairmuimhir, uimhir leathanaigh nó uimhir fóilió chuí]”*. Beidh an fógra cóipchirt agus an chreidiúint chóipchirt le feiceáil laistigh de na hÍomhánna Cheadúnaithe nó in aice leo. I gcás Táirge Cheadúnaithe ar líne/Seirbhís Cheadúnaithe ar líne, ba chóir seoladh láithreán Gréasáin na Leabharlainne a bheith san áireamh mar chuid den chreidiúint.

Níl bearradh ná ionramháil na nÍomhánna Cheadúnaithe ceadaithe gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Leabharlann agus ní mór aon athrú den sórt sin ar leagan amach na nÍomhánna Cheadúnaithe a admháil in aice leis na hÍomhánna Cheadúnaithe. Ní úsáidfidh an Ceadúnaí an t-ainm “Leabharlann Náisiúnta na hÉireann” ná aon ainm den chineál céanna ar aon bhealach i ndáil leis an gComhaontú seo, ach amháin mar chuid den admháil is gá mar atá luaite anseo.

## 6. Cóipeanna Dea-Mhéine

Sa chás gurb ionann an Táirge Cheadúnaithe agus foilseachán clóite nó saothar neamhphriontáilte nach dtagtar air tríd an Idirlíon agus atá taifeadta i bhfoirm fhisiceach, lena n-áirítear CD Rom, DVD agus discéad, ach gan a bheith teoranta dóibh, soláthróidh an Ceadúnaí (laistigh de 60 lá ón bhfoilsíú) cóip den saothar ar fad don Leabharlann saor in aisce agus saor ó bheart teicniúil nó cosanta ceart ar bith nó ó gach beart teicniúil nó cosanta ceart, ach amháin má sholáthraíonn an foilsitheoir cóip faoi reachtaíocht um chóipcheart nó faoi reachtaíocht lena rialaítear taisce dhlíthiúil nó má aontaítear i scríbhinn leis an Leabharlann ar shlí eile, chomh maith le haon chóipeanna breise den saothar de réir mar a iarrann an Leabharlann agus nuair a iarrann an Leabharlann iad.

Sa chás gurb ionann an Táirge Cheadúnaithe/an tSeirbhís Cheadúnaithe agus táirge ar líne nó seirbhís ar líne, soláthróidh an Ceadúnaí rochtain dea-mhéine ar feadh shaolré an Chomhaontaithe seo ar cibé bealach a mheasann an Leabharlann a bheith cuí, agus saor ó bheart teicniúil nó cosanta ceart ar bith nó ó gach beart teicniúil nó cosanta ceart, ach amháin má tá sí soláthraithe ag an bhfoilsitheoir cheana féin faoi reachtaíocht um chóipcheart nó faoi reachtaíocht lena rialaítear taisce dhlíthiúil nó má tá sí aontaithe i scríbhinn leis an Leabharlann ar shlí eile.

## 7. Barántaí agus Teorannú Dlíteanas

A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, tá dlíteanas na Leabharlainne faoin gComhaontú seo i leith cailíteanas díreach i gconradh, i dtort nó a eascraíonn in aon slí eile i dtaca le soláthar agus le húsáid na nÍomhánna Cheadúnaithe atá i gceist teoranta go docht don Táille Cheadúnais atá

íochta ag an gCeadúnaí le haghaidh úsáid na nÍomhánna Ceadúnaithe atá i gceist.

Ní bheidh an Leabharlann in aon imthosca ar bith faoi dhliteanas ag an gCeadúnaí i leith aon chailteanas, aon damáistí, aon chailteanais bhrabúis, aon ioncaim, aon dea-thola, aon deise gnó ná aon chailteanais ná damáiste indíriú, iarmhartaigh, airgeadais nó eacnamaíoch, ná aon chostas nó speansas indíreach, iarmhartach, airgeadais nó eacnamaíoch cibé acu i gconradh, i dtort, i bhfaillí, i sárú ar dhualgas reachtúil nó a eascraíonn ar shlí eile as na lochtanna líomhnaithe nó iarbhír sna hÍomhánna Ceadúnaithe nó i ndáil leo nó as soláthar nó as úsáid na nÍomhánna Ceadúnaithe nó i ndáil leo.

Déantar gach téarma, gach coinníoll, gach baránta, gach uiríoll nó gach ráthaíocht, cibé acu atá siad sainráite nó intuigthe le reacht, le dlí coiteann nó ar shlí eile a bhaineann le seachadadh na hÍomhá Ceadúnaithe, leis an gcur síos atá ar an Íomhá Cheadúnaithe, le feidhmíocht na hÍomhá Ceadúnaithe, le cáilíocht na hÍomhá Ceadúnaithe nó le hoiriúnacht na hÍomhá Ceadúnaithe don fheidhm a eisiáimh leis seo ach amháin má thoirmisctear iad ar shlí eile le dlí.

Beidh feidhm ag na heisiáimh thuas a mhéid is indéanta le dlí, ach ní eisiáimh an Leabharlann dliteanas i leith báis nó díobháil phearsanta a tharlaíonn de bharr fhaillí na Leabharlainne, a cuid fostaithe nó a cuid gníomhairí nó de bharr mífhaisnéis chialloiseach nó de bharr aon ní eile nuair nach bhfuil dliteanas teoranta nó eisiata mar ábhar dlí. Ní dhéanfaidh aon ní sna Téarmaí agus sna Coinníollacha seo difear d'aon chearta reachtúla nó d'aon chearta eile a fhéadfar a bheith ag an gCeadúnaí faoin dlí.

## 8. Slánaíocht

Slánóidh an Ceadúnaí an Leabharlann i leith aon chailteanais agus aon damáiste a d'fhéadfadh sí fulaingt mar gheall ar mhainneachtain an Cheadúnaí coinníollacha a bhaineann leis an gComhaontú seo agus/nó coinníollacha a bhaineann le hatáirgeadh na nÍomhánna Ceadúnaithe a urramú agus a chomhlíonadh.

## 9. Foirceannadh

Féadfaidh ceachtar páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh 30 lá roimh fhógra i scríbhinn a thabhairt don pháirtí eile.

Beidh an Leabharlann i dteideal láithreach an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Cheadúnaí má dhéanann an Ceadúnaí sárú ar aon cheann d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo agus, i gcás sáraithe is féidir a leighis, má mhainníonn an Ceadúnaí é a leighis laistigh de thríocha (30) lá tar éis an fógra i scríbhinn a fháil ina dtugtar sonraí iomlána maidir leis an sárú agus ina n-éilítear é a leighis.

Féadfaidh an Leabharlann an Comhaontú seo a fhoirceannadh láithreach trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Cheadúnaí más rud é:

- (a) go dtéann an Ceadúnaí is cuideachta faoi ghlacadóireacht nó faoi leachtú, (seachas chun críocha cónasctha nó athchóirithe)

go bhfuil an Ceadúnaí is cuideachta dócmhainneach nó go ndéanann an Ceadúnaí is cuideachta aon chúiteamh nó aon socraíocht lena chreidiúnaithe (seachas mar chuid d'atheagrú sócmhainneach) nó go mbagraíonn an Ceadúnaí is cuideachta scor de bheith ag trádáil nó go scoireann an Ceadúnaí is cuideachta de bheith ag trádáil; nó

(b) go ndíscaoiltear an Ceadúnaí is comhpháirtíocht nó is comhlachas neamhchorpraithe eile nó go bhfaigheann an Ceadúnaí is duine nádúrtha bás.

(c)

## 10. Éifeacht an Fhoirceanta

Ar dheireadh nó ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo (ar chúis ar bith), scoirfeadh an cead agus na cearta a deonaíodh i gClásal 1 thuas de bheith ann láithreach agus ní úsáidfídh an Ceadúnaí na hÍomhánna Ceadúnaithe ar bhealach ar bith agus déanfaidh an Ceadúnaí aon cheann nó gach ceann de na hÍomhánna Ceadúnaithe agus de na díorthaigh nó de na cóipeanna a rinneadh faoin gCeadúnas seo a léirscríodh, a bhaint amach agus a scríodh nó tabharfaidh an Ceadúnaí na hÍomhánna Ceadúnaithe agus na díorthaigh agus na cóipeanna uile ar ais don Leabharlann.

Ar dheireadh nó ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, ní bheidh aon iallach ar an Leabharlann aon íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCeadúnaí leis an Leabharlann a aisíoc nó a thabhairt ar ais.

Ní dhéanfaidh foirceannadh an Chomhaontaithe seo dochar d'aon chearta atá ann cheana féin ná d'aon éilimh atá ann cheana féin a d'fhéadfadh a bheith ag an Leabharlann in aghaidh an Cheadúnaí, agus ní shaoirfeadh sé an Ceadúnaí ó na hoibleagáidí a fabhraíodh roimh an bhfoirceannadh sin a chomhlíonadh.

## 11. Athfhoirmithe

Ní bheidh aon athfhoirmiú den Chomhaontú seo bailí ach amháin má tá sé i scríbhinn agus sínithe ag an Leabharlann.

## 12. Sannadh

Baineann an Comhaontú seo leis an gCeadúnaí seo amháin agus ní fhéadfar é a shannadh, a aistriú ná a fhocheadúnú gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Leabharlann. Ní fhéadfar Íomhánna Ceadúnaithe a ligean ar iasacht, a ligean ar cíos, a sheachadadh, a sholáthar, a dhíol ná a dhiúscairt ar shlí eile agus ní úsáidfídh an Ceadúnaí iad gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Leabharlann.

## 13. Ceart Foilseacháin

Má eascraíonn coibhéis cirt i leith an chirt faoi Alt 34 den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (arna leasú ó am go ham) nó i leith aon cheart den chineál céanna in aon tír as úsáid na nÍomhánna Ceadúnaithe de bhun an Chomhaontaithe seo, is leis an Leabharlann go heisiach na cearta sin. A mhéid nach ndílseofar aon chearta den sórt sin (lena n-áirítear aon chearta faoi Alt 34) do Leabharlann Náisiúnta na



hÉireann, aontóidh an Ceadúnaí le haon chearta den sórt sin a shealbhú ar iontaobhas do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

#### **14. An Comhaontú Ar Fad**

Is ionann an Comhaontú seo (mar aon leis an sonrasc) agus an comhaontú ar fad idir na páirtithe agus gabhann sé in ionad gach cumarsáide agus comhaontaithe roimhe, lena n-áirítear aon uirill réamhchonartha agus gach uiríoll réamhchonartha (ach amháin i gcás faisnéis chialaoiseach) idir na páirtithe maidir le hábhar an Chomhaontaithe seo.

#### **15. Fógraí**

Tabharfar gach fógra is gá a thabhairt faoin gComhaontú seo i scríbhinn i mBéarla agus seolfar iad trí ríomhphost nó tríd an bpost chuig an seoladh atá leagtha amach thíos don Leabharlann nó atá leagtha amach thuas don Cheadúnaí, nó chuig aon seoladh eile den sórt sin a fhéadfaidh ceachtar páirtí a chur in iúl don pháirtí eile ó am go ham faoin gComhaontú seo, agus measfar gach fógra den sórt sin a bheith faighte (a) 24 uair ó tharchur rathúil i gcás ríomhphoist; nó (b) seacht (7) lá oibre ó cuireadh an fógra sa phost i gcás an phoist:

Ceardanna  
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann  
Sráid Chill Dara  
Baile Átha Cliath 2

Ríomhphost: [permissions@nli.ie](mailto:permissions@nli.ie)

#### **16. Tarscaoileadh**

Ní dhéanfar mainneachtain ná faillí ag ceachtar páirtí maidir le haon cheann de na forálacha de a fhorfheidhmiú ag am ar bith a mheas ná a bhreithniú a bheith comhionann le tarscaoileadh chearta an pháirtí sin anseo thíos agus ní dhéanfaidh siad difear do bhailíocht an Chomhaontaithe iomláin seo ná do bhailíocht aon chuid den Chomhaontú seo agus ní dhéanfaidh siad dochar do na cearta atá ag an bpáirtí sin gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin.

#### **17. Inscóiteacht**

Más rud é agus sa mhéid go measfar aon cheann nó aon fhorálacha den Chomhaontú seo a bheith neamhbhailí, neamhdhleathach nó neamh-infheidhmithe, measfar sa mhéid sin nach cuid den chomhaontú seo é téarma den sórt sin nó í foráil den sórt sin agus scriosfar é/í dá réir sin ó na téarmaí agus ó na forálacha atá fágtha den Chomhaontú seo a leanfaidh de bheith bailí, ar marthain agus infheidhmithe idir na páirtithe a mhéid is indéanta le dlí.

#### **18. Dílínse agus Díl Rialaithe**

Beidh an Comhaontú seo faoi rialú ag dlíthe na hÉireann agus ag gach díospóid a eascraíonn as an gComhaontú seo, a bhaineann leis an gComhaontú seo nó a dhéanann difear don Chomhaontú seo faoi réir

dhlínse eisiach Chúirteanna na hÉireann a n-aontaíonn na páirtithe le géilleadh dóibh.

## 19. Ilghnéitheach

Níl aon ní sa Chomhaontú seo atá beartaithe chun comhpháirtíocht ná comhfhiontar de chineál ar bith a chruthú idir na páirtithe, ná chun ceachtar páirtí a údarú le gníomhú mar ghníomhaire don pháirtí eile agus ní bheidh údarás ag ceachtar páirtí gníomhú in ainm ná thar ceann an pháirtí eile ná ceangal a chur ar an bpáirtí eile ar bhealach ar bith (lena n-áirítear uiríoll nó baránta a dhéanamh, glacadh le haon oibleagáid nó le haon dliteanas agus feidhmiú aon chirt nó aon chumhachta, ach gan a bheith teoranta dóibh).

Forchoimeádann an Leabharlann an ceart chun a cuid táillí agus na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a leasú tráth ar bith. I gcás aon leasaithe den sórt sin, déanfaidh an Leabharlann gach iarracht réasúnach chun fógra a thabhairt trí ríomhphost don Cheadúnaí maidir le leasuithe ar na Téarmaí agus na Coinníollacha. Tá cóip de Tháillí agus de Théarmaí agus Choinníollacha na Leabharlainne (arna leasú ó am go ham) ar fáil ag [www.nli.ie](http://www.nli.ie).